

Peileadóir a bhfuil gealladh faoi

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin bpeileadóir Deividas Uosis. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, aimsigh an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo a leanas:

to perfect something	_____
his football skills	_____
was moulded	_____
along with his family	_____
because of COVID	_____
trip, journey	_____
they fit in	_____
change of life	_____
fortune favours the brave	_____



Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos an oiread eolais agus is féidir faoi Deividas Uosis. Ansin, féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

Ceist 3

Ceisteanna teanga

1. Cén leagan den aimsir chaite a bhí ag Deividas de na briathra seo: *bhí mé, ní raibh mé, phioc mé agus fuair mé?*
2. Cad a dúirt máthair Deividas?

Ceist 4

Tá ceithre shéimhiú agus ceithre urú in easnamh sa sliocht thíos. Breac isteach anois iad. Éist leis an mír arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá peileadóir óg as Corca Dhuibhne ar a bealach chun na hAstráile anocht agus conradh sínithe aige leis an cumann *AFL*, na *Brisbane Lions*. Is sa Liotuáin a rugadh Deividas Uosis, ach tá barr feabhais curtha ag báireoir (báideoir) an Daingin ar a cuid scileanna caide ó tháinig sé go hÉirinn sé bliana déag ó sin.

Seán Mac an tSíthigh

Is mó laoch caide a fuineadh ar an baile seo. Deividas Uosis, an té is déanaí acu. Fear óg a tháinig anseo ón Liotuáin le cois a muintire agus gan é ach ceithre bliana d'aois. Báireoir buacach le mionúir Chiarraí in 2017 agus é ina réalta ar an foireann faoi 20 anuraidh. Ach anois, tá fear an Daingin ag tabhairt faoin Astráil; conradh dhá bhliain sínithe aige leis an cumann *AFL*, na *Brisbane Lions*.

Ceist 5

'...an Liotuáin...'

Quiz: Bí ag obair leis an duine in aice leat agus freagraí na ceisteanna faoi thíortha san Aontas Eorpach.

1. Cén tír lena mbaineann an bhratach seo?



2. Cad í an tír is mó san Aontas Eorpach?
3. Cad í an tír is lú san Aontas Eorpach?
4. Cén tír a bhaineann úsáid as an airgeadra 'krona'?
5. Cén tír a labhraítear Maigiaris (Magyar) inti?
6. Is é Sóifia príomhchathair na tíre seo?
7. Tá ardmheas ag muintir na tíre seo ar dhaorchluiche. Cén tír?
8. Cén tír lena mbaineann an bhratach seo?



Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine i do ghrúpa.

1. Cén cineál spóirt é an pheil Astrálach?
2. An duine mór spóirt thú? Mínigh.
3. Cén tábhacht a bhaineann le Cumann Lúthchleas Gael i gcultúr na hÉireann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

to perfect something	<i>barr feabhais a chur ar rud</i>
his football skills	<i>a chuid scileanna caide</i>
was moulded	<i>fuineadh</i>
along with his family	<i>le cois a mhuintire</i>
because of COVID	<i>de dheasca COVID</i>
trip, journey	<i>aistear</i>
they fit in	<i>tá siad luite isteach le</i>
change of life	<i>athrú saoil</i>
fortune favours the brave	<i>níor chaill fear an mhisnigh riamh</i>

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

1. Bhíos, ní rabhas, phiocas, fuarthas.
2. Caint indíreach atá á lorg anseo agus ní aistriúchán ar a dúirt a mháthair. Mar shampla: Deir máthair Deividas go bhfuil idir bhrón agus bhród uirthi. Deir sí go bhfuil taithí an-mhaith acu féin ar an gcumha a bhaineann le dul ar imirce. Mian a chroí s'aige atá ann, a deir sí, agus tá siad chomh sásta dó. Deir sí go bhfuil sé tuilte go maith aige. Ach, cé go bhfuil sí sásta, deir sí go mbíonn sé deacair freisin ar thuismitheoirí nuair a imíonn páiste, go háirithe an duine is sine. Deir sí go mbeidh sé níos éasca dá dheartháir Aivaras.

Ceist 4

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá peileadóir óg as Corca Dhuibhne ar a bhealach chun na hAstráile anocht agus conradh sínithe aige leis an **gcumann AFL**, na *Brisbane Lions*. Is sa Liotuáin a rugadh Deividas Uosis, ach tá barr feabhais curtha ag báireoir (báideoir) an Daingin ar a **chuid scileanna caide** ó tháinig sé go hÉirinn sé bliana déag ó shin.

Seán Mac an tSíthigh

Is mó laoch caide a fuineadh ar an **mbaile** seo. Deividas Uosis, an té is déanaí acu. Fear óg a tháinig anseo ón Liotuáin le cois a **mhuintire** agus gan é ach ceithre bliana d'aois. Báireoir buacach le mionúir Chiarraí in 2017 agus é ina réalta ar an **bhfoireann** faoi 20 anuraidh. Ach anois, tá fear an Daingin ag tabhairt faoin Astráil; conradh dhá bhliain sínithe aige leis an **gcumann AFL**, na *Brisbane Lions*.

Ceist 5

1. An Laitvia
2. An Fhrainc
3. Málta
4. An tSualainn
5. An Ungáir
6. An Bhulgáir
7. An Liotuáin
8. An Fhionlainn

Ceist 6

Cuir gach triúr nó ceathrar le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá peileadóir óg as Corca Dhuibhne ar a bhealach chun na hAstráile anocht agus conradh sínithe aige leis an gcumann AFL, na *Brisbane Lions*. Is sa Liotuáin a rugadh Deividas Uosis, ach tá barr feabhais curtha ag báideoir¹ an Daingin ar a chuid scileanna caide ó tháinig sé go hÉirinn sé bliana déag ó shin.

Seán Mac an tSíthigh

Is mó laoch caide a fuineadh ar an mbaile seo. Deividas Uosis, an té is déanaí acu. Fear óg a tháinig anseo ón Liotuáin le cois a mhuintire agus gan é ach ceithre bliana d'aois. Báideoir buacach le mionúir Chiarraí in 2017 agus é ina réalta ar an bhfoireann faoi 20 anuraidh. Ach anois, tá fear an Daingin ag tabhairt faoin Astráil; conradh dhá bhliain sínithe aige leis an gcumann AFL, na *Brisbane Lions*.

Deividas Uosis, Peileadóir

Bhuel, ar dtús bhí sé deacair mar bhíos ag imirt caide nuair a bhíos ceithre bliana d'aois agus nuair a tháinig mé go dtí Éire² agus bhíos ag imirt i gcomhair sé bliana déag³, agus ansin, tháinig rogha dul síos go dtí an Astráil nó imirt le Ciarraí. Phiocas peil Astrálach mar is saol proifisiúnta é⁴ agus bíonn tú ag obair, ag imirt, mar sin ag traenáil gach lá agus ag imirt caide agus faigheann tú airgead as sin.

Seán Mac an tSíthigh

Bhí conradh sínithe ag Deividas mí Feabhra anuraidh ach de dheasca COVID cuireadh moill bliana ar an aistear.

Deividas Uosis, Peileadóir

Bhí sé an-deacair mar bhíos ag traenáil i m'aonar. Uaireanta tháinig mo dheartháir nó m'athair ach i gcomhair COVID ní rabhas ábalta dul amach agus ansin fuarthas *programme pre-season* ó Brisbane agus ansin tháinig ticéid anois agus tá mé ag dul anois.

Seán Mac an tSíthigh

Tá muintir Uosis luite isteach go deas le pobal Chorca Dhuibhne ach braithfidh siad uatha an mac is sine anois.

Inga Uosieni, máthair David

Sad, proud and sad at the same time. Because you see we went through that emigration and we know how it is, home sickness and everything. I know it was his dream and of course we are delighted, you know. He deserved (it), his hard work has been granted, you know. I'm happy for him, but as a mum you know, for the parents and especially for the first child probably. It will be easy for you Aivaras.

Seán Mac an tSíthigh

Tá Deividas san eitleán tráthnóna, athrú cluiche, athrú saoil. Níor chaill fear an mhisnigh riamh é.

Deividas Uosis, Peileadóir

Is dóigh liom go n-éireodh mar is maith liom an cluiche agus má thaitníonn an cluiche (leat) is dóigh liom go n-éireoidh leat.

Seán Mac an tSíthigh

Séan Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhne.

¹ *báideoir* an leagan caighdeánach

² *go hÉirinn* an leagan caighdeánach

³ *sé déag bliain* a dúradh

⁴ *tá sé saol proifisiúnta* a dúradh